

Feidhm: Ag cur ceiste ar dhuine cén obair a dhéanann sé/sí agus ag freagairt na ceiste sin agus ag rá cén cineál gnó atá agat

Bileoga: 5.1, 5.2 agus 5.3

- Scaip **Bileog 5.1** ar na foghlaimeoirí agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Léigh tríd na treoracha go cúramach leo le bheith cinnte go dtuigeann siad cad é atá le déanamh acu.
- Pléigh thusa na focail leis an rang ansin le bheith cinnte go bhfuil an chiall cheart agus fuaimniú ceart acu.
- Cuid B: Ansin abair leo Cuid B a dhéanamh.
- Abair leo gur cleachtadh eile é ar stór focal.
- Abair leo go bhfuil an chuid is mó de na focail seo feicthe acu le linn cúrsa A1 ach go mbeidh orthu buille faoi thuairim a thabhairt faoi chuid de na focail.
- Nuair atá siad críochnaithe iarr orthu a gcuid freagraí a sheiceáil leis an duine in aice leo.
- Iarr orthu deirí na bhfocal sa bhosca a scrúdú féachaint an bhfuil aon phatrún ann agus ansin mínigh dóibh go gcríochnaíonn an chuid is mó de na gairmeacha beatha le **-óir** agus **-eoir** agus gur focail fhirinsneacha iad. Is leor an méid sin a mhíniú ag an pointe seo.

- Bíodh na cártaí ar **Bileog 5.2** gearrtha amach agat agus curtha i gclúdach litreach.
- Ba cheart go mbeadh clúdach litreach amháin do gach triúr sa rang. Mínigh don rang gur cluiche é seo ar nós *Fish In The Pool*. Is cluiche cuimhne é. Seo thíos treoracha an chluiche:
 - Tá an stór focal atá díreach pléite sna clúdaigh litreach, i.e. na focail a bhí ar **Bileog 5.1**.
 - Tá deich bpost agus deich n-áit oibre a théann le chéile. Mar shampla: **aisteoir** agus **amharclann**.
 - Cuir gach triúr ina suí thart ar bhord agus cuir na cártaí síos suas, faoi cheilt, amach ar an bhord.
 - Tiontóidh Foghlaimeoir A dhá chárta thart. Má théann siad le chéile piocann sé suas iad agus tá pointe amháin faighte aige.
 - Mura dtéann na cártaí le chéile cuireann sé ar ais ar an bhord iad. Tá cead ag gach duine sa ghrúpa na cártaí a fheiceáil. Is fiú do gach duine sa ghrúpa iarracht a dhéanamh cuimhneach ar na focail mar beidh sé tábhachtach do gach duine.
 - Ansin roghnaíonn foghlaimeoir B dhá chárta eile. Má théann siad le chéile faigheann sé pointe agus tógann sé na cártaí.
 - Ansin roghnaíonn foghlaimeoir C dhá chárta agus téann an cluiche ar aghaidh mar sin go dtí go bhfuil gach cárta imithe.
 - Beidh an bua ag an duine a bhfuil an chuid is mó cártaí aige.

- Múin na struchtúir seo do na foghlaimeoirí ar an gclár:
 - Cén tslí bheatha atá agat?
 - Rúnaí atá ionam.
 - Is bainisteoir mé.
- Cuir i gcuimhne do na foghlaimeoirí gur bealach nua é seo le ‘cén post atá agat?’ a rá. Léirigh an difríocht idir *profession* vs. *job*.
- Cuir ceist ar gach duine sa rang cén tslí bheatha atá acu. Bí cinnte gur féidir le gach duine a phost féin a rá as Gaeilge. Déan druil leis an rang ag cleachtadh na n-abairtí thuas.
- Abair leis na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag foghlaim trí bhealach éagsúla lena bpost nó lena ngnó a chur in iúl. Scríobh na habairtí seo ar an chlár dubh:
 - Is freastalaí mé.
 - Tá mé ag obair i mbialann.
 - Tá bialann agam.
- Cuir na foghlaimeoirí ag machnamh ar cad í an difríocht idir na habairtí seo agus ansin mínigh an difríocht.
- Gearr amach na pictiúir atá ar **Bileog 5.3** agus tabhair pictiúr amháin do gach duine sa rang.
- Cuir ceist ar dhaoine éagsúla sa rang cad is féidir leo a rá faoin phictiúr le bheith cinnte go dtuigeann siad cad atá le déanamh agus le cinntiú go bhfuil an struchtúr ceart acu. Mar shampla: Pictiúr den fhreastalaí – Is freastalaí mé. Tá mé ag obair i mbialann, etc.
- Abair leo ansin siúl timpeall an ranga ag labhairt leis na foghlaimeoirí eile faoina bpictiúir (cén post atá agat? is cuntasóir mé, tá mé ag obair i mbanc).

Feidhm: Ag labhairt faoi do stádas oibre
Bileoga: 5.4

- Abair leis na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag léamh faoi dhaoine éagsúla ag déanamh cur síos gairid ar a stádas oibre agus go mbeidh orthu na focail sa bhosca is fearr a chuireann síos ar a bhfuil le rá ag na daoine éagsúla a roghnú.
- Scaip **Bileog 5.4** ar an rang.
- Abair leo Cuid A a dhéanamh ar dtús. Pléigh na focail leis an rang ar fad.
- Iarr orthu ansin Cuid B a dhéanamh. Iarr ar chúpla duine sa rang na habairtí a léamh amach agus an focal a roghnaigh siad chomh maith.
- Léigh tríd an bhileog iomlán leo ansin le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud.
- Abair leo Cuid C a dhéanamh agus breac síos na frásaí éagsúla a chuir siad ar fáil ar an chlár dubh agus tabhair an míniú do gach duine sa rang.

Feidhm: Ag lorg agus ag tabhairt tuairimí faoi phost
Bileoga: 5.5 agus 5.6

- Scaip **Bileog 5.5** agus abair leis na foghlaimeoirí Cuid A a dhéanamh.
- Míneigh dóibh go bhfuil an t-alt dúshlánach ach go bhfuil an ghluais ann le cuidiú leo.
- Nuair atá sé léite acu cuir ceist ar chúpla duine sa rang cad é ábhar an ailt.
- Léigh thusa an píosa ansin leis an rang ar fad agus bí cinnte go dtuigeann gach duine brí na bhfocal sa phíosa.
- Cuir gach beirt ag obair le chéile ansin le Cuid B a dhéanamh.
- Abair leo na ceisteanna a léamh agus bí cinnte go dtuigeann siad iad.
- Cuir an téip ar siúl ansin faoi dhó.
- Pléigh na freagraí leis an rang ar fad.

- Scaip **Bileog 5.6** ar na foghlaimeoirí.
- Cuid A: Míneigh dóibh go gcaithfidh siad an comhrá a chur san ord ceart. Díriú aird na bhfoghlaimeoirí ar an cheist agus na freagraí cearta, chomh maith leis an fhoirm threise ‘leatsa’.
- Pléigh leis an rang ar fad é.
- Cuir an téip ar siúl ansin le seans a thabhairt do na foghlaimeoirí an comhrá a chloisteáil agus le feiceáil an raibh an ceart acu.
- Cuid B: Sula ndéanann an rang Cuid B déan cleachtadh ar an cheist ‘An dtaitníonn do phost leat?’ agus na freagraí ‘Taitníonn/Ní thaitníonn’. Déan druil leo ag cleachtadh na struchtúr seo. Scríobh cúpla aidiacht agus abair a dhéanann cur síos ar obair ar an chlár dubh. e.g.:
 - Tá sé leadránach.
 - Tá an saoste/an bainisteoir cairdiúil.
 - Tá mo chomhoibrithe go deas.

- Cuir tús le Cuid B. Tabhair pictiúr amháin ó **Bileog 5.3** do gach duine agus iarr ar gach duine seasamh suas agus siúl timpeall an ranga ag cur ceiste ar cheathrar eile an dtaitníonn a bpost leo.
- Tá ar gach duine labhairt faoin phost atá sa phictiúr.
- Nuair atá siad críochnaithe iarr ar dhaoine éagsúla sa rang an t-eolas a fuair siad a insint duit.

Feidhm: Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi uaireanta oibre
Bileoga: 5.7 agus 5.8

- Beidh tú ag déanamh dul siar ar na briathra a bhaineann le cúrsaí oibre san Aimsir Láithreach leis na foghlaimeoirí agus ag déanamh míniúcháin ar an athrú a thagann ar an bhriathar nuair a chuireann tú ‘cén t-am a...’ leis.
- a) Scríobh an dá bhriathar **cuir** agus **tosaigh** ar an chlár dubh. Cuir ceist ar na foghlaimeoirí cad í an difríocht atá idir an dá fhocal. Míneadh dóibh go bhfuil siolla amháin san fhocal **cuir** agus dhá shiolla san fhocal **tosaigh** agus go gcuirtear deirí difriúla leo san Aimsir Láithreach

siolla amháin = -im/-eann agus -aim/-ann
dhá shiolla = -ím/-íonn agus -áim/-aíonn

- b) Anois scríobh na deirí ar an chlár ag fáil an oiread eolais agus is féidir ó na foghlaimeoirí. Déan ‘cén t-am a...’ chomh maith leo.

Cuir	Tosaigh
Cuirim	Tosaím
Cuireann tú	Tosaíonn tú
Cén t-am a chuireann tú...?	Cén t-am a thosaíonn tú...?

- Tabhair **Bileog 5.7** don rang agus abair leo gur súil siar atá ann ar na briathra san Aimsir Láithreach.
- Cuir gach beirt ag obair le chéile leis na briathra cearta a scríobh sna boscaí.
- Scaip **Bileog 5.8** ar an rang.
- Cuid A: Nuair a bhíonn siad réidh le Cuid A iarr orthu na focail a phlé leis an duine in aice leo le feiceáil an féidir leo brí na bhfocal a aimsiú le chéile.
- Cuid B: Míneadh go soiléir cad atá le déanamh i gCuid B. Caithfidh siad abairtí a scríobh faoi cad a dhéanann siad ina gcuid oibre ag na hamanna éagsúla.
- Cuir béim ar an phointe go bhfuil tú ag iarraidh orthu abairtí iomlána a chumadh agus an oiread de na focail sna boscaí agus is féidir a úsáid. Scríobh sampla ar an chlár dubh.

Sampla: 9.30: Tosaím ag obair. Scríobhaim ríomhphost agus freagraím an guthán.
11.00: Ólaim caife sa bhialann agus buailim le mo chairde.
12.00: Buailim leis an bhainisteoir agus téim chuig cruinniú. Bíim gnóthach.
5.30: Críochnaím obair agus téim abhaile ar an bhus.

- Nuair atá 6 abair scríofa acu abair leo labhairt leis an duine in aice leo le fáil amach cad a dhéanann sé/sí ina c(h)uid oibre ag na hamanna éagsúla. Cuir ceist ar chúpla duine sa rang faoi na rudaí difriúla a dhéanann siad le linn a gcuid oibre.

Feidhm: Ag tabhairt eolais faoi choinníollacha oibre

Bileoga: 5.9, 5.10 agus 5.11

- Tabhair **Bileog 5.9** do na foghlaimeoirí agus mínigh cad é atá le déanamh acu.
- Abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Téigh siar ar na focail ‘déag, tríocha, daichead, caoga’ etc. agus na hathruithe a thagann ar ‘bliain’ nuair a chuireann tú na focail seo leis.
- Ansin abair leo Cuid B a dhéanamh. Déan cleachtadh breise leis an rang i ndiaidh na gníomhaíochta ar an ainmfhocal ‘bliain’: i.e. cuir ceist orthu cá fhad atá siad féin ag obair sa phost ina bhfuil siad faoi láthair.

(freagraí A: bliain amháin, dhá bhliain, 3-6 bliana, 7-10 mbliana)

(freagraí B: ocht mbliana, sé bliana déag, trí bliana is fiche, ceithre bliana, trí bliana is tríocha, caoga bliain, cúig bliana is seasca, ocht mbliana is daichead, dhá bhliain is seachtó).

- Scaip **Bileog 5.10** ar an rang.
- Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag éisteacht le ‘hAgallamh na Seachtaine’ i gceann cúpla bomaite.
- Cuid A: Tabhair seans dóibh Cuid A a dhéanamh sula n-éistean siad leis an téip.
- Cuir an téip ar siúl ansin agus ceartaigh Cuid A leo.
- Léigh tríd na ceisteanna faoi Cuid B le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud.
- Cuir an téip ar siúl ansin faoi dhó.
- Ceartaigh an obair leis an rang ar fad.

- Cuir gach beirt ag obair le chéile anois agus abair leo go mbeidh siad ag léamh ailt faoi bhean san Iodáil agus a cuid oibre.
- Tabhair **Bileog 5.11 – Duine A** do dhuine amháin den bheirt agus **Bileog 5.11 – Duine B** don duine eile.
- Mínigh dóibh go mbeidh eolas ag duine amháin acu nach bhfuil ag an duine eile agus *vice versa*.
- Tá orthu an t-alt a léamh os ard ag glacadh sealanna agus na bearnaí san alt a líonadh. Léifidh DUINE A gach abairt a bhfuil (A) in aice léi agus léifidh an DUINE B gach abairt a bhfuil (B) in aice léi.
- Cuir ag obair ar an alt ansin iad. Beidh siad ag obair le chéile leis na bearnaí ar an dá leathanach a líonadh.
- Nuair atá an ghníomhaíocht déanta acu léigh tríd an alt ar fad ag cur béime ar bhrí agus ar fhuaimniú na bhfocal.
- Tabhair an bhileog dheireanach (gan na bearnaí) **Bileog 5.11 – An t-alt iomlán**, dóibh le léamh sa bhaile.

Feidhm: Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi cá fhad atá caite ag duine i bpost
Bileoga: 5.12 agus 5.13

- Scaip **Bileog 5.12** ar na foghlaimeoirí agus iarr orthu na cleachtaí i gCuid A a dhéanamh.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht leis an rang ar fad nuair atá siad críochnaithe.
- Ansin iarr orthu abairtí a chumadh faoi Cuid B – éist leis na habairtí nuair a bheidh siad críochnaithe agus cuir leo más féidir.

- Scaip **Bileog 5.13** ar na foghlaimeoirí agus mínigh dóibh gur gníomhaíocht chainte í seo atá ag dul siar ar a bhfuil déanta sa rang.
- Abair leo an t-eolas faoi ‘mé féin’ a líonadh isteach sula dtéann siad chun cainte le daoine eile sa rang.
- Tabhair seans dóibh labhairt le triúr eile sa rang ansin.
- Nuair atá siad réidh abair leo suí síos arís agus cuntas gairid a scríobh faoi dhuine amháin a raibh siad ag caint leis.
- I ndiaidh tamaill abair leo a dtuairiscí a thaispeáint don duine in aice leo. Ansin ceistigh daoine éagsúla sa rang faoin mhéid atá scríofa acu.

Feidhm: Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi scileanna

Bileoga: 5.14

- Mínigh do na foghlaimeoirí go mbaintear úsáid as an struchtúr seo - *Tá Gaeilge agam* – nuair a bhíonn tú ag déanamh cur síos ar na teangacha atá agat agus na scileanna atá agat. Abair leo gur féidir ‘is féidir liom’ a úsáid chomh maith chun cur síos a dhéanamh ar na rudaí éagsúla gur féidir leat a dhéanamh.

Mar shampla: Tá Fraincis agam agus is féidir liom Iodáilis a thuiscint.

- Ansin scaip **Bileog 5.14** ar na foghlaimeoirí agus abair leo go mbeidh siad ag éisteacht le bean ar an téip ag déanamh cur síos ar na scileanna atá aici.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó sula gceartaíonn tú Cuid A.
- Más mian leo éisteacht leis an téip arís cuir ar siúl é an tríú huair.
- Léigh trí Chuid B le bheith cinnte go bhfuil a fhios acu cad é atá le déanamh acu.
- Cuir ceist ar dhaoine éagsúla sa rang na habairtí agus na freagraí a thabhairt duit.